# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Rúisis

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Teanga Scríofa

## 220 MARC

**Tarscaoileadh:** Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe eile den ghramadach, mar a míníodh ag an gcomhdháil. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**An scéim mharcála a dhíchódú:**

- Léiríonn stríoc [ / ] malairtí; déanfaidh ceachtar acu.
- Cuimsíonn lúibíní cruinne ( ) eolas atá bailí ach nach bhfuil riachtanach do mharcanna.
- Ná gearr pionós as freagraí atá tugtha i Rúisis.

**ROINN I (160 marc)**

Ba chóir d'iarrthóirí tabhairt faoi GACH ceist.

## A. AISGHABHÁIL EOLAIS (60 marc): Téacs 1 = 30 marc + Téacs 2 = 30 marc

**Téacs 1 (30 marc)**
Léigh an téacs seo a leanas faoi chomórtas do pháistí san ealaín agus sa scríbhneoireacht chruthaitheach.

***Leithdháil 2 mharc as gach smaoineamh / coincheap atá ceart mura luaitear a mhalairt (gach smaoineamh / coincheap deighilte ag +) agus 1 mharc as smaoineamh / coincheap atá ceart go páirteach. Ná bain marcanna as Gaeilge mhícheart (litriú, comhréir) seachas sa chás go gcuireann sí bac ar chumarsáid.***

**FREAGAIR I NGAEILGE**

i. Tá an comórtas seo san ealaín agus sa scríbhneoireacht chruthaitheach dírithe ar pháistí agus ar dhaoine óga ar maith leo spórt. Cad iad na gníomhaíochtaí spóirt a luaitear sna samplaí? Tabhair **trí** shonra.
rothaíocht + snámh + peil + cispheil + clárscátáil + (spóirt) samhraidh

ii. Mura nglacann páiste nó duine óg páirt in aon ghníomhaíocht spóirt, cén topaic is ceadmhach dó/di a roghnú ina áit? Tabhair sonra **amháin.**
Fear spóirt mór le rá as an Rúis + baill teaghlaigh (agus spórt)

iii. Cé hiad na daoine is ceadmhach dóibh páirt a ghlacadh sa chomórtas? Tabhair sonra amháin faoin áit ar féidir gurb as dóibh.
An Rúis + aon (tír) eile (ar domhan)

iv. Cé mhéad aoisghrúpa atá ann?
Trí cinn + 5-10 &11-14 &15-18

v. Cad é an dáta deiridh le hiontrálacha ar an gcomórtas a sheoladh isteach?
4 Samhain 2015

vi. **Cén dáta** agus **cá háit** a ndéanfar ainm an bhuaiteora a fhógairt?
14 Samhain 2015 + ar an Idirlíon + suíomh Gréasáin an "Ealaíontóra óig"

vii. Cad a gheobhaidh na buaiteoirí? Tabhair sonra **amháin**.
Bronntanais + dioplómaí/teastais

viii. Conas is féidir leo siúd a chuireann isteach ar an gcomórtas dul i dteagmháil leis an lucht eagrúcháin? Tabhair sonra **amháin**.
Fón + facs + +7901584-14-68 + ríomhphost + info@youpainter.ru

ix. Cad é an táille iontrála ar an gcomórtas?
Saor in aisce / níl aon phraghas (le híoc)

**Feasacht teanga** (6 mharc)
Scríobh amach na ceannteidil seo a leanas i script lámhscríofa/reatha.
Напишите прописью следующие фразы/слова. Bain ½ mharc as gach litir a scríobhtar mícheart. Ná gearr pionóis as earráidí a dhéantar faoi dhó nó níos mó.

**Тематика конкурса** ______________________________

**Возрастные группы** ______________________________

**Справки** ______________________________

**Téacs 2 (30 marc)**
Léigh an téacs seo a leanas faoi árasáin agus theachíní saoire. Freagair na ceisteanna **i nGaeilge. (24 marc)**
***Leithdháil 2 mharc as gach smaoineamh / coincheap atá ceart mura luaitear a mhalairt (gach smaoineamh / coincheap deighilte ag +) agus 1 mharc as smaoineamh / coincheap atá ceart go páirteach. Ná bain marcanna as Gaeilge mhícheart (litriú, comhréir) seachas sa chás go gcuireann sí bac ar chumarsáid.***

**FREAGAIR i nGAEILGE**

i. Cad atá san áireamh sa chostas cíosa? Tabhair **trí** shonra. 6 mharc

Bia + trí huaire sa lá / bricfeasta & lón & dinnéar + páirceáil + seomra (súgartha) leanaí (go dtí 18:00) + siamsaíocht

ii. Cé na seirbhísí ar féidir le lucht saoire táille bhreise a íoc orthu? Tabhair sonra **amháin**. 2 mharc

Glanadh/glantóir + níochán + níochán éadaí + iarann a chur ar éadaí

iii. Cé mhéad duine a mbeadh slí dóibh in árasán? 2 mharc

Cúigear

iv. Cé mhéad árasán atá i ngach teachín? 2 mharc

4

v. Cé mhéad seomra (gan an seomra folctha ná an chistin san áireamh) atá i ngach árasán? 2 mharc

2 sheomra

vi. Cad a gheobhaidh lucht saoire sa chistin? (Tabhair **trí** shonra) 6 mharc

bord (bia) + cathaoireacha (6 chathaoir) + pláta te/sorn + oigheann micreathonnach + doirteal + preasanna/feistis cistine + cuisneoir (ionsuite) + citeal leictreach + trealamh cistine

vii. Cad iad na háiseanna atá ar fáil taobh le gach teachín? (Tabhair sonra **amháin**) 2 mharc

páirceáil (aonair) + vearanda + beárbaiciú

viii. Cad é an costas in aghaidh an lae ar árasán a ghlacadh ar cíos? 2 mharc

10500 rúbal

**Feasacht teanga (6 mharc: bronn 1 mharc as gach freagra ceart)**
Tógadh na frásaí aidiachtúla agus ainmfhoclacha seo a leanas ón téacs. Sa tábla taobh le gach frása léirigh an bhfuil sé san uatha firinscneach, san uatha baininscneach, san uatha neodrach nó san iolra neodrach:

| | **Roghnaigh ceann amháin**: uatha firinscneach, uatha baininscneach, uatha neodrach nó iolra neodrach<br>Выберите правильный ответ: мужской род, женский род или множественное число |
|---|---|
| анимационные программы | Iolra / множественное число |
| большая кровать | baininscneach uatha / женский род |
| ванная комната | baininscneach uatha / женский род |
| прикроватные тумбочки | Iolra / множественное число |
| индивидуальная парковка | baininscneach uatha / мужской род |
| обеденный стол | firinscneach uatha / мужской род |

Bronn leath de na marcanna atá ar fáil má thugann na hiarrthóirí an inscne gan an uimhir, nó ‘uatha’ gan an inscne.

**B. Measc agus Meaitseáil (40 marc: bronn 4 mharc as gach freagra ceart)**

i. Déan na híomhánna seo a leanas a mheaitseáil leis na fógraí beaga a thugtar thíos. Scríobh uimhir an fhógra sa cholún den tábla atá ar dheis.
Comhlánaigh an tábla seo a leanas tríd an uimhir cheart a chur sa cholún ar dheis. (12 mharc: 3 x 4)

| Pictiúr | Fógra |
|---|---|
| a | 3 |
| b | 1 |
| c | 2 |

ii. Léigh na ceannteidil a – d agus na téacsanna 1 – 4. Roghnaigh an ceannteideal is oiriúnaí do gach ceann de na ceithre théacs. Comhlánaigh an tábla trí uimhir an téacs chuí a chur sa cholún ar dheis. (16 mharc: 4 x 4)

| Заголовки | Тексты |
|---|---|
| a. Летать в Калининград дешево. | 4 |
| b. Выставка в Калининграде. | 3 |
| c. Погода ненормальная | 2 |
| d. Франция интересуется Санкт–Петербургом | 1 |

iii. Léigh an painéal seo ó shiopa ilrannach i Moscó agus léirigh an freagra ceart ar na ceisteanna thíos. (12 mharc: 3 x 4)

Léirigh cé acu freagra atá ceart tríd an litir chuí (a nó b) a chur sa bhosca.

1. Вы хотите купить матрешку. Вам надо идти
    a. на 1 этаж
    b. на 2 этаж B

2. Вас интересует, сколько стоит зимнее пальто. Ви идете
    a. на 3 этаж
    b. на 4 этаж A

3. Вы хотите купить подарок вашему сыну. Ему 5 лет. Вы идете
    a. на 5 этаж
    b. на 6 этаж B

Bronn marcanna iomlána má ainmníonn na hiarrthóirí an t-urlár ceart.

## C. Struchtúrú Dioscúrsa (20 marc)

Léigh na comhráite gearra seo a leanas agus cuir focail sna spásanna cuí. Roghnaigh do chuid freagraí as na liostaí thíos. Tá na focail go léir don cheist curtha ar fáil san fhoirm chuí. (10 x 2)

**Grúpa A**

1. Ты не знаешь, когда у нас будут каникулы?
Они начинаются в понедельник.
А что ты будешь делать в каникулы?
Может быть, поеду на в Сочи, а может быть в Петербург. (2)

2. Какой фильм ты смотрел вчера по телевизору?
«Первая любовь»
Интересный фильм?
Да, очень.
О чем?
Кончено, о любви. (2)

3. Как зовут твою подругу?
Ее зовут Валя. (1)

**Grúpa B**

4. Куда ты идешь?
К Лене. У нее сегодня день рождения.
Сколько ей будет лет?
18.
А что ты ей подаришь?
Книгу и цветы. (3)

5. Извините, этот автобус идет в центр?
Нет, он идет только до университета.
А какой автобус идет в центр?
Номер три.
Спасибо. (1)

6. Здравствуйте. Позовите, пожалуйста, Виктора.
Его нет дома. Он ушел в магазин час назад.
А когда он вернется?
В 7 часов. (1)

**D. Léirthuiscint (40 marc)**

Léigh an téacs agus freagair na ceisteanna **i nGaeilge**.
***Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.***

***Leithdháil 2 mharc as gach smaoineamh / coincheap atá ceart (gach smaoineamh / coincheap deighilte ag +) agus 1 mharc as smaoineamh / coincheap atá ceart go páirteach [mura luaitear a mhalairt]. (2 mharc in aghaidh an fhreagra: 20 x 2 = 40)***

1.i. Deir Lena go dteastaíonn uaithi go gceannódh a máthair madra di dá breithlá. Cén aois a bheidh aici? (Roinn 1) (2 mharc)
10

1.ii. Níl aon am ag máthair Lena le haire a thabhairt do mhadra. Deir Lena go ndéanfaidh sí féin gach rud. Luaigh **trí** cinn de na rudaí a gheallann sí a dhéanamh. (Roinn 1) (4 mharc)
siúl + spraoi + bia a cheannach / béile a thabhairt don mhadra

1.iii. Cén fáth nach dteastaíonn fós ó mháthair Lena madra a fháil di? Tabhair dhá shonra. (Roinn 1) (4 mharc)
cóirithe le déanaí + salach + gan aon am a bheith ag glanadh + gan aon spás (san árasán)

2.i. Cá dtéann Lena tar éis di labhairt lena máthair? Cad a phléann Lena leis an duine seo? (Roinn 2) (4 mharc)
Go dtí a seanmháthair + a máthair (an-)ghéar/dian + ní maith lena máthair Lena / níl grá aici di + caithfidh/ba cheart do leanaí aird a thabhairt ar a dtuismitheoirí

2.ii. Cad a deir Lena lena cara? Tabhair **dhá** shonra. (Roinn 2) (4 mharc)
Ní thuigeann a tuismitheoirí í + ní féidir léi maireachtáil d'uireasa madra + bhí sí ag iarraidh madra ar feadh a saoil + is é an madra an cara is fearr atá aici

3.i. Cad a bheartaíonn cara Lena a thabhairt di mar bhronntanas lá breithe? (Roinn 3) (2 mharc)
Madra

3.ii. Maíonn seanmháthair Lena go bhfuil rud áirithe i gcoiteann ag Lena agus ag a máthair araon. Tabhair sonra **amháin**. (Roinn 3) (2 mharc)
Is breá/aoibhinn leis an mbeirt acu madraí

3.iii. Cén fáth a dtagann athrú aigne ar mháthair Lena maidir leis an mbronntanas lá breithe? Tabhair **dhá** shonra. (Roinn 3) (4 mharc)

Tá sí ró-dhian ar a hiníon + is é breithlá a hiníne é + bhí sí ag iarraidh féirín a thabhairt di + athchóiriú a dhéanamh más gá

4. i. Cén fáth a bhfuil athair Lena déanach don chóisir lá breithe? Tabhair **dhá** shonra. (Roinn 4) (4 mharc)
Bhí sé as baile ar thuras gnó i Moscó + bhí sé le filleadh abhaile ar maidin + chaill sé a eitilt + chaith sé dul ar an traein

4. ii. Cad a fheiceann athair Lena nuair a thagann sé abhaile ón obair tráthnóna lá breithe Lena? Tabhair **ceithre** shonra. (Roinn 4) (8 marc)
A máthair ag tógáil cógas leighis + mamó ag ól tae + cara ag ithe cáca + Lena ag gáire + trí mhadra + vása briste + slipéir stróicthe

**ROINN II (60 MARC)**

**A. Freagraí gearra: feasacht chultúrtha (30)**

Scríobh 3 – 5 abairt i Rúisis **nó** i nGaeilge ar **DHÁ** cheann de na topaicí seo a leanas. Ba chóir go mbeadh **trí** shonra fhíorasacha i ngach freagra. Bronntar marcanna ar ábharthacht na bhfreagraí agus ar chomhleanúnachas an téacs.

Cuir na haistí atá roghnaithe agat in iúl trí theidil na n-aistí a lua.

| | |
|---|---|
| 1. Как дети в Российской Федерации проводят летние каникулы? | 1. Mar a chaitheann páistí Rúiseacha laethanta saoire an tsamhraidh. |
| 2. Известные туристические курорты в Российской Федерации. | 2 Ionaid cháiliúla turasóireachta i gCónaidhm na Rúise. |
| 3. Жильё в Российской Федерации. | 3. Tithíocht i gCónaidhm na Rúise. |
| 4. Семейная жизнь в Российской Федерации. | 4. Saol an teaghlaigh i gCónaidhm na Rúise. |
| 5. Спорт в Российской Федерации. | 5. Spórt i gCónaidhm na Rúise. |

***Ní bheidh caighdeán na Gaeilge/na Rúisise ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.***

| | | |
|---|---|---|
| ***Ábhar gach freagra*** | ***12*** | ***Leithdháil 4 mharc as gach smaoineamh / coincheap atá ceart suas go dtí 12 mharc ar a mhéad +***<br>***Leithdháil 2 mharc as smaoineamh / coincheap atá ceart go páirteach suas go dtí 6 mharc ar a mhéad.*** |
| ***Comhleanúnachas téacsúil*** | ***3*** | ***Leithdháil 3 mharc as comhleanúnachas téacsúil (nuair is iomchuí).*** |
| | ***3*** | ***Eagrú sármhaith. Leibhéal ard comhleanúnachais sa fhreagra ar fad.*** |
| | ***2*** | ***Forbairt déanta go ginearálta ar ábhar laistigh de chreat oibre atá pleanáilte go cúramach. Curtha i dtoll a chéile go maith, go ginearálta, ach easpa comhleanúnachais in áiteanna.*** |
| | ***1*** | ***Eagrú sásúil déanta ar ábhar. Forbairt neamh-chomhsheasmhach agus / nó neamh-uaillmhianach déanta ar smaointe. Siabhránach agus / nó athráiteach in amanna.*** |
| | ***0*** | ***Cumas teoranta le hábhar a eagrú agus le smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr.*** |

**B. Scríbhneoireacht Leanúnach (30)**
Scríobh 6 – 10 abairt **i RÚISIS** ar cheann **AMHÁIN** de na topaicí seo a leanas.

1. Laethanta saoire an tsamhraidh
   - Conas a chaitheann tusa laethanta saoire an tsamhraidh?
   - Cé leis a gcaitheann tú an samhradh?
   - Cá háit a dtaitníonn leat laethanta saoire an tsamhraidh a chaitheamh?
   - Cad a thaitníonn leat a dhéanamh?

2. Litir: Bhí do bhreithlá ann le déanaí. Scríobh litir chuig do chara agus inis dó/di faoi do lá breithe.

3. Mo theachsa
   - Cá bhfuil an teach seo agatsa?
   - Cé mhéad seomra atá i do theach?
   - Déan cur síos ar do sheomra.
   - Cad is maith le do mhuintir a dhéanamh i dteannta a chéile?

***GACH CEANN: Leithdháil marc as ábhar + cumas scríofa (ex 24) mar atá léirithe thíos. Leithdháil leathchuid den mharc ar fáil as an bhfeidhm riachtanach a chomhlíonadh / as an eolas riachtanach (stór focal) a sholáthar agus leathchuid den mharc ar fáil as ionramháil na teanga (cruinneas / oiriúnacht). Ní bhronntar aon mharcanna as eolas / ábhar breise.***

*2 phointe as sonraí ábhair suas go dtí 12 phointe ar a mhéad*

**Cruinneas agus líofacht**

| **Marc** | **Teanga: cruinneas, líofacht** |
|---|---|
| 12 | Beagnach gan locht maidir le cruinneas. Léirítear leibhéal ard sofaisticiúlachta in ionramháil struchtúir na teanga. |
| 10-11 | Beagán earráidí, mion-earráidí an chuid is mó acu. Ionramháil mhaith teanga. |
| 7-9 | Déantar roinnt earráidí móra gramadaí, ach gan lagú rómhór á dhéanamh ar chumarsáid. Ionramháil na teanga idir a bheith sásúil agus go maith. |
| 4-6 | An chumarsáid lagaithe ag earráidí bunúsacha go minic e.g. comhaontuithe, foirmeacha briathra.<br>Gan ach cumas teoranta in ionramháil na teanga + teanga ‘aistrithe’ shimplí go príomha, a chuireann bac ar chumarsáid. |
| 1-3 | Cruinneas sna foirmeacha is simplí amháin. Earráidí bunúsacha ann an-mhinic. Ar bheagán cumais in ionramháil na teanga. |
| 0 | Eolas agus réimse chomh teoranta sin nach féidir aon mharcanna a bhronnadh ina leith. |

***Leithdháil 6 mharc as comhleanúnachas téacsúil:***

***6*** ***Eagrú sármhaith. Leibhéal ard comhleanúnachais sa fhreagra ar fad.***

***4-5*** ***Forbairt déanta go ginearálta ar ábhar laistigh de chreat oibre atá pleanáilte go cúramach. Curtha i dtoll a chéile go maith, go ginearálta, ach easpa comhleanúnachais in áiteanna.***

***2-3*** ***Eagrú sásúil déanta ar ábhar. Forbairt neamh-chomhsheasmhach agus / nó neamh-uaillmhianach déanta ar smaointe. Siabhránach agus / nó athráiteach in amanna.***

***1*** ***Cumas teoranta le hábhar a eagrú agus le smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr.***

***0*** ***Eagraithe chomh dona sin agus an oiread sin easpa comhleanúnachais ann nach féidir aon chreidiúint a thabhairt.***

## CLUASTUISCINT (100 marc)

Ginearálta:
- Níl aon phionós ann as ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.
- Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.
- Glac le freagraí ar cheisteanna atá scríofa san áit mhícheart.
- Ní bheidh caighdeán na Gaeilge ina thoisc mheasúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.
- Má tá an freagra scríofa go hiomlán i Rúisis – ná gearr pionós. Má tá gnéithe leithlisithe (focail / nathanna) de Rúisis san áireamh sa fhreagra – ná gearr pionós.

***Bronn CÚIG mharc as gach pointe ceart / ábhartha.***

### ROINN I

**Fógraí / Объявления 25 marc**

1. Cá háit, an dóigh leat, an gcloisfeá an fógra seo faoi athrú ar an sceideal pleanáilte?

   c. in amharclann

2 Is paisinéir ag aerfort é an tUas. Duvalier. Tabhair sonra **amháin** faoina phleananna taistil (mar shampla, a áit imeachta, a cheann scríbe, a aerlíne).

   Air France + ó Mhoscó + go Páras / go dtí an Fhrainc

3. Tabhair sonra **amháin** faoin turas atá á fhógairt ag an treoraí turasóireachta.

   Pskov + an Chreimil + mainistreacha + páirceanna (galánta) + séadchomharthaí (sa chathair) + ag tosú i gceann 15 nóiméad

4. Fágann Nina teachtaireacht ar ghléas freagartha fóin. Tabhair sonra **amháin** faoin bhfáth atá aici an glao seo a dhéanamh.

   Tá tinneas ar a máthair + is gá di cuairt a thabhairt uirthi + is gá di dul go dtí an daitse / teach samhraidh + ní féidir léi bualadh lena cara (sa chathair) + tugann sí cuireadh dá cara cuairt a thabhairt uirthi / teacht go dtí an daitse / teach samhraidh + iarrann sí ar a cara glao a chur uirthi + tugann sí a huimhir ghutháin dá cara

5. Cá gcloisfeá an fógra seo, an dóigh leat?

   a. ar an teilifís

## ROINN II

**Fógra / реклама** **25 marc**

Seachtain na hÉireann

1.i. Tá an ócáid bhliantúil *Seachtain na hÉireann* ag teacht go Moscó. Cathain a bheidh an ócáid ar siúl ?

ón 13 Márta + go dtí an 24 Márta + sa Mhárta + san earrach + thart ar Lá Fhéile Pádraig

1.ii. Tabhair sonra amháin faoina bhfuil san áireamh i clár *Seachtain na hÉireann.*

Fuirseoireacht ar na boinn + ceol (comhaimseartha) + na taibheoirí Éireannacha is fearr + máistir-ranganna + ranganna rince Ghaelaigh + Féile Scannán

2. Tabhair sonra amháin faoin gclár don Fhéile Scannán.
40 scannán + scannáin nua + stiúrthóirí óga + stiúrthóirí cáiliúla + an chéad taibhiú de 8 scannán sa Rúis + gearrscannáin + scannáin ghrinn + an oíche ar fad gan stad + gach scannán i mBéarla + fotheidil sa Rúisis

3.i. Tabhair sonra amháin faoi na hÉireannaigh mór le rá a bheidh ar cuairt ar an ócáid.

Greannáin + stiúrthóirí scannáin + Ciarán Walsh + Dylan Moran + The Walls + Mundy + Delorento

3.ii. Cén tsiamsaíocht do leanaí a bheidh mar chuid den fhéile? Tabhair sonra amháin**.**

Mion-eachtra + Ar lorg ór na leipreachán + iontais + deochanna traidisiúnta Éireannacha + ag rince port Gaelach

## ROINN III

**Agallamh / репортаж** **25 marc**

1.i. Tabhair sonra amháin faoi áit dhúchais Zauri.
Georgia + ó (bhaile) Poti + baile beag + ar an Muir Dhubh

1.ii. Cén fáth ar bhog Zauri go hÉireann?

Chun dul i mbun poist mar + thraenálaí sinsearach + ar an bhfoireann dornálaíochta náisiúnta

2. Tabhair sonra amháin faoi shaol dornálaíochta Zauri.
Tá sé ag dornáil ó bhí sé / thosaigh sé ag dornáil nuair a bhí sé / 10 mbliana d’aois + curadh na Seoirsia + bhuaigh sé comórtais idirnáisiúnta (faoi dhó) + máistir spóirt (1981 / APSS) + buaiteoir duaiseanna in APSS (arís is arís eile)

3. Tabhair sonra amháin faoin bpost atá ag Zauri faoi láthair.

Traenálaí sinsearach + foireann dornálaíochta na hÉireann + oibríonn sé le daoine de gach aois + traenáil theicniúil/bheartach + oibríonn sé le Katie Taylor

4. Cé na baill dá theaghlach a fheiceann Zauri nuair a bhíonn sé sa bhaile? Tabhair sonra amháin**.**
Deartháir + deirfiúr + athair

## ROINN IV

**Beathaisnéis / Биография** **25 marc**

1. Tabhair sonra amháin faoin tréimhse a chaith Irina Arkhipova ar scoil cheoil?

   Bhí sí 7 mbliana d'aois + sheinn sí an pianó / d'fhoghlaim sí conas an pianó a sheinm / ba phianódóir maith í + thug a múinteoirí aird uirthi + ceoltóir maith / guth galánta

2. Tabhair sonra amháin faoi shaol Irina Arkhipova tar éis di an scoil a fhágáil.

   Rinne sí iarratas chuig coláiste / institiúid ailtireachta + línigh sí portráid + fuair sí an marc 'sármhaith' / 'cúig' / grád 'A' + ligeadh isteach sa choláiste / institiúid ailtireachta í + lean sí ar aghaidh ag ceol + cór na mac léinn + bhain sí céim amach tar éis 5 bliana + thosaigh sí ag obair + ní raibh sí in ann a chinneadh cad ba mhaith léi a dhéanamh + ailtire nó ceoltóir + d'fhreastail sí ar conservatoire + d'oibrigh sí agus rinne sí staidéar ag an am céanna

3. Tabhair dhá shonra faoi sheanathair Irina Arkhipova.

   Chónaigh sé faoin tuath + thóg sé tithe + chan sé i gcór (mar chaitheamh aimsire) + ba bhreá leis an ceol + ba bhreá leis amhráin tíre Rúiseacha + bhí glór galánta / láidir aige + chuaigh sé go Moscó agus é 90 bliain d'aois + d'fhreastail sé ar cheoldráma den chéad uair + buaicphointe a shaoil + d'éirigh sé brónach + thuig sé cár cheart dó a shaol a chaitheamh / gur mhian leis a bheith ina cheoltóir

4. Cén cinneadh a rinne Irina Arkhipova nuair a chuala sí faoi shaol a sheanathar?

   (chinn) sí gur mhian léi oibriú san amharclannaíocht / a bheith ina ceoltóir